2017. S27T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

---

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE 9 MEITHEAMH - MAIDIN 9:30 – 11:30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

**Ceist 1. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

**A.** Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- An limistéar faoi fhoirgnimh i Maigh Chromtha
- Loch taiscumair (*Reservoir*)
- Abhainn na Laoi (*River Lee*)
- An Príomhbhóthar Náisiúnta N22.

(10)

**B.** Cuirtear seirbhísí éagsúla ar fáil i mbaile Mhaigh Chromtha.

(i) Agus tagairtí eangaí á n-úsáid agat, ainmnigh **agus** aimsigh **DHÁ** cheann de na seirbhísí seo.

(ii) Luaigh conas is féidir le daoine áitiúla úsáid a bhaint as na seirbhísí seo.

(8)

**C.** Mínigh **TRÍ** chúis gur fhás baile Mhaigh Chromtha ag an suíomh seo agus fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agat mar thaca le gach cúis.

(12)

**Ceist 2. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Mhaigh Chromtha a thugtar leis an bpáipéar seo.

**NÓTA**: Cuimhnigh air gur aerfótagraf fiar é seo. Dá bhrí sin, ní mór duit na **téarmaí cearta** a úsáid, e.g. cúlra ar chlé, tulra ar dheis, etc.

**A.** Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- **DHÁ** shráid a bhuaileann le chéile
- An abhainn
- An droichead
- Páirc imeartha.

(10)

**B.** Tá sé beartaithe óstán nua agus ionad fóillíochta a thógáil sa limistéar ar an aerfótagraf.

(i) Agus an téarma ceart á úsáid agat (tulra ar chlé etc.), aimsigh suíomh oiriúnach don óstán agus don ionad fóillíochta.

(ii) Agus fianaise ón aerfótagraf á húsáid agat, mínigh **DHÁ** chúis gur roghnaigh tú an suíomh seo.

(iii) Luaigh agóid **AMHÁIN** a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne an tsuímh seo.

(10)

**C.** Féach go cúramach ar na sráideanna san aerfótagraf.

(i) Agus an téarma ceart á úsáid agat (tulra ar chlé etc.), tabhair suíomh **AMHÁIN** ar leith san aerfótagraf ina bhféadfadh sé brú tráchta tarlú i Maigh Chromtha.


(ii) Mínigh cúis **AMHÁIN** a bhféadfadh sé go mbeadh brú tráchta ann ag an suíomh seo.

(iii) Déan cur síos ar **DHÁ** shlí a bhféadfadh an chomhairle áitiúil brú tráchta a laghdú i Maigh Chromtha.

(10)

**Ceist 3. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH**

**A. Acmhainní agus Teicneolaíocht**




Scrúdaigh an t-eolas thuas.

(i) Déan cur síos ar **TRÍ** shlí a bhfuil an teicneolaíocht (meaisíní) tar éis an méid móna a bhaintear a mhéadú.

(ii) Déan cur síos ar úsáid **AMHÁIN** a d'fhéadfaí a bhaint as portaigh nuair atá an mhóin bainte astu.

(8)

**B. Tionscal Déantúsaíochta**

(i) Ainmnigh monarcha **AMHÁIN** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** luaigh cá bhfuil sí lonnaithe.


(ii) Mínigh **DHÁ** chúis ar forbraíodh an mhonarcha a d'ainmnigh tú i gcuid (i) ag an suíomh seo.

(iii) Ainmnigh Ionchur **AMHÁIN** agus Aschur **AMHÁIN** a bhaineann leis an monarcha a d'ainmnigh tú.

(12)

## C. Turasóireacht

An Céatadán Cuairteanna go dtí Gníomhaíochtaí Cultúrtha Roghnaithe ag Turasóirí a tháinig go hÉirinn as Réigiúin Áirithe Thar Lear in 2014




Curtha in oiriúint ó Fáilte Ireland

Scrúdaigh an chairt thuas. Taispeánann sé an céatadán de chuairteanna go dtí gníomhaíochtaí cultúrtha roghnaithe ag turasóirí a tháinig go hÉirinn ó réigiúin áirithe thar lear in 2014.

(i) Cén céatadán de dhaoine a thug cuairt ar Mhúsaeim agus ar Ghailearaithe Ealaíne arbh as an mBreatain Mhór dóibh?

(ii) Cén céatadán de thurasóirí a thug cuairt ar Thithe agus ar Chaisleáin arbh as an gCuid eile den Eoraip dóibh?

(iii) Ríomh **X**, an céatadán de chuairteanna ar Thithe agus ar Chaisleáin ag turasóirí as Meiriceá Thuaidh.

(iv) Mínigh slí **AMHÁIN** inar féidir leis an turasóireacht iarmhairt dhiúltach a bheith aici ar réigiún.

(v) Mínigh slí **AMHÁIN** inar féidir leis an turasóireacht feabhas a chur ar naisc iompair agus ar naisc chumarsáide i réigiún.

(10)

**Ceist 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **4A**, **4B**, **4C**, **4D**.

**4A. Imirce**










(i) Agus na fótagraif thuas mar chúnamh agat, mínigh **DHÁ** thoisc bhrú a mbíonn tionchar acu ar imirce.

(ii) Mínigh **DHÁ** iarmhairt ar Iarthar na hÉireann ag daoine ag dul ar imirce go ceantair uirbeacha mar Bhaile Átha Cliath.

(10)

**4B. Éagothroime Eacnamaíoch**

(i) Ainmnigh tír **AMHÁIN** i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.


(ii) Mínigh an tslí ar chuir **TRÍ** cinn ar bith de na tosca thíos moill ar fhorbairt na tíre seo:

- Athrú aeráide
- Fás daonra
- Trádáil Éagothrom
- Cogadh.

(10)

**4C.** **Réamhaisnéis Aimsire**

Féach ar an gcairt aimsire a thaispeántar thall.




(i) Scrúdaigh na hiseabair ar an gcairt aimsire. An brú ard nó íseal atá ag **X**?

(ii) Cén cineál fronta a thaispeánann ag **Y**?

(iii) Déan cur síos ar an tslí a n-athróidh an aimsir i Sligeach de réir mar a ghluaiseann an fronta seo (**Y**) ina threo.

(iv) Mínigh an tslí a dtarlaíonn fliuchras fronta.

(10)

**4D.** **Cineál Aeráide**

(i) Ainmnigh cineál aeráide **AMHÁIN** a bhfuil staidéar déanta agat air **agus** tabhair cur síos ar an gcineál aeráide seo.

(ii) Déan cur síos ar an gcineál fásra a bhíonn ann mar thoradh ar an aeráid seo.

(iii) Ainmnigh slí **AMHÁIN** a mbíonn iarmhairt ag an aeráid seo ar dhaoine.

(10)

**Ceist 5. AG MÚNLÚ DROMCHLA AN DOMHAIN**


**A. Sil-leagan**

(i) Ainmnigh gné **AMHÁIN** a fhoirmítear mar thoradh ar shil-leagan oighreach **NÓ** mar thoradh ar shil-leagan cósta.

(ii) Mínigh, agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, conas a foirmíodh an ghné seo.

(10)

**B. Síonchaitheamh Meicniúil**




Curtha in oiriúint ó www.resources.teachnet.ie

(i) Ainmnigh an cineál síonchaithimh mheicniúil a thaispeántar sna híomhánna thuas.

(ii) Agus na híomhánna thuas mar chúnamh agat, déan cur síos ar an tslí a dtarlaíonn an cineál seo síonchaithimh mheicniúil.

(iii) Mínigh an téarma *scileach*.

(10)

**C. Ithreacha**

(i) Ainmnigh cineál ithreach **AMHÁIN** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air **agus** tabhair cur síos ar an gcineál ithreach sin.

(ii) Mínigh conas a théann **DHÁ** cheann ar bith acu seo a leanas i bhfeidhm ar ithreacha:

- Mianraí
- Iarsmaí plandaí
- Miocrorgánaigh
- Aer agus uisce.

(10)